

**Scéim Teanga**

**do RTÉ**

**2019-2022**

**Faoi Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003**

**Language Scheme**

**for RTÉ**

**2019-2022**

**Under Section 15 of the Official Languages Act 2003**

## Clár an Ábhair

Réamhrá le Príomh-Stiúrthóir RTÉ.....	3
Caibidil a hAon: Ullmhú Scéim Teanga RTÉ .....	4
Tosach Feidhme .....	6
Caibidil a Dó: Forléargas ar Raidió Teilifís Éireann (RTÉ) .....	6
Aisling RTÉ: .....	7
Misean RTÉ:.....	7
Luachanna RTÉ:.....	7
Struchtúr Eagrúcháin RTÉ .....	7
Bord RTÉ .....	8
Feidhmiúchán RTÉ .....	8
Seirbhísí RTÉ .....	10
Teilifís .....	10
Raidió.....	10
Nuacht agus Cúrsaí Reatha.....	10
Seirbhísí Digiteacha .....	11
Ceolfhoirne, Ceathairéad agus Cóir .....	11
2rn.....	11
Caibidil a Trí:Seirbhísí RTÉ agus gealltanais maidir le seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge	12
Cumarsáid Lárnach .....	16
Córais T.E.....	17
Suímh idirlín RTÉ (www.rte.ie) .....	16
Freagra ar Phobal na Gaeilge .....	18
An RTÉ Guide.....	17
Úsáid na Gaeilge ar sheirbhísí craoltóireachta RTÉ .....	17
Bainistíocht Acmhainní Daonna .....	18
Ceantair Ghaeltachta .....	19
Comhpháirtíochtaí .....	20
Caibidil a Ceathair: Monatóireacht agus Athbhreithniú.....	20
Caibidil a Cúig: An Scéim Aontaithe a Phoibliú .....	21
Aguisín a hAon: Liosta Gealltanais.....	22

## Réamhrá ó Phríomh-Stiúrthóir RTÉ

Tá athruithe suntasacha curtha i gcrích ag RTÉ ó thaobh ár gcur chuige i leith na Gaeilge, ó cuireadh ár gcéad Scéim Teanga do 2015-2018 faoi bhráid na Roinne Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, agus é mar fheidhm againn go mbeadh an Ghaeilge fite fuaite i ngach a dhéanann muid, seachas í bheith fágtha go príomha faoi chúram ár gcuid seirbhísí Gaeilge amháin.

Le plean gnímh Meáin Ghaeilge na heagraíochta, féachann RTÉ aghaidh a thabhairt ar níos mó ná a cuid dualgais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, trí polasaí comhtháite Gaeilge a fhoilisiú, i gcomhar le plean feidhmiúcháin.

Tá an Phlean dhá chur i bhfeidhm agus muid airdeallach ar na míreanna éagsúla reachtaíochta a dhéanann leagan amach ar dhualgais RTÉ i leith na Gaeilge; an tAcht Craolacháin 2009, Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, agus ag coinneáil san áireamh, ar ndóigh, Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge an Rialtais.

Ach tugann ár gcur chuige nua aghaidh ar níos mó ná reachtaíocht agus straitéis amháin. Ní hamháin gur cuid d'oidhreacht agus de chultúr na tíre í an Ghaeilge, is gnáth-chuid den saol laethúil í ag na mílte daoine in Éirinn. Is cuid lárnach den dualgas a leagtar ar RTÉ léiriú a thabhairt ar shaol na hÉireann trí sheirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge – feiceann muid sin ní mar dhualgas a chaithfear a chomhlíonadh, ach mar dheis atá le tapú.

Tá an Ghaeilge ar cheann de na tréithe sainiúla a bhaineann le RTÉ. Tá sí ar cheann de na gnéithe a idirdhealaíonn RTÉ ó na seirbhísí a mbítear in iomaíocht leo maidir le lucht féachana agus éisteachta, ní hamháin i measc seirbhísí tráchtála raidió agus teilifíse in Éirinn féin, ach i measc na scórtha branda ilnáisiúnta atá i mbun iomaíochta le meáin chumarsáide in Éirinn.

Go gairid sular réitigh RTÉ ár gcéad Scéim Teanga, cheapamar Grúpcheannasaí Gaeilge don chéad uair, ról atá tar éis cur lenár n-idirghníomhaíocht le pobal labhartha na Gaeilge agus le heagrais Gaeilge. Feiceann muid an tábhacht a bhaineann le bheith ag gníomhú i gcomhar le páirtithe leasmhara seachtracha, agus tá muid ag obair go dlúth le heagrais Ghaeilge agus le hinstiúidí oideachais.

Déanann RTÉ níos mó ná €20 milliún in aghaidh na bliana a infheistiú i seirbhísí agus in ábhar clár Gaeilge. Tá dhá ghné lenár gcur chuige. Le soláthar ar chroí-sheirbhísí Gaeilge ar nós RTÉ Raidió na Gaeltachta, Nuacht, Cláracha Gaeilge agus [rte.ie/gaeilge](http://rte.ie/gaeilge), chomh maith lena chinntiú go bhfuil an Ghaeilge fite fuaite tríd ár gcuid seirbhísí éagsúla.

Fáiltíonn RTÉ roimh an deis cur lenár dtiomantas i leith na Gaeilge, agus muid ag cur an Scéim Teanga seo i leith na tréimhse 2019-2022 faoi bhráid na Roinne Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta.

Dee Forbes

Príomh-Stiúrthóir RTÉ, Meán Fómhar 2018

## Caibidil a hAon: Ullmhú Scéim Teanga RTÉ

Déantar an Scéim Teanga seo a ullmhú faoi *Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003* (an tAcht ina dhiaidh seo). Is é an tAcht sin an chéad reacht a ritheadh chun creat reachtaíochta a chur ar fáil maidir le seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil.

Foráiltear faoi *Alt 11 (1)(a agus b)* an Achta go ndéanann comhlachtaí poiblí, chun críche úsáid na Gaeilge chun críocha oifigiúla sa Stát a chur chun cinn, dréachtscéim a ullmhú ina sonraítear na seirbhísí sin de chuid an chomhlachta atá beartaithe ag an gcomhlacht poiblí a chur ar fáil:

- trí Ghaeilge amháin
- trí Bhéarla amháin, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon
- agus na bearta atá i gceist ag an gcomhlacht a dhéanamh chun a chinntiú go gcuirtear aon seirbhís nach bhfuil á cur ar fáil trí Ghaeilge ag an gcomhlacht ar fáil ar an gcaoi sin.

Tugtar chun aire gurb é atá de bhrí leis an bhfocal *seirbhís* i gcomhthéacs an Achta (agus, dá réir sin, féach roinn 2.6 de na Treoirlínte faoi *Alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003*), tagairt do na seirbhísí a chuireann an comhlacht poiblí ar fáil don phobal (agus nach tagairt do na 'seirbhísí' craoltóireachta a chuireann RTÉ ar fáil don lucht éisteachta agus féachana ar fud réimse ardán agus deiseanna éagsúla).

Ní mór a leagan amach sa scéim na bearta atá i gceist ag an gcomhlacht a dhéanamh, go ceann tréimhse ama agus/nó le linn sraith scéimeanna – le gach scéim acu i bhfeidhm ar feadh trí bliana nó go dtí go ndeimhnítear scéim nua, cibé acu sin is deireanaí – chun a chinntiú go mbeidh seirbhísí ar bith nach bhfuil á gcur ar fáil ag an gcomhlacht trí Ghaeilge á gcur ar fáil ar an gcaoi sin.

Rinneadh an scéim seo a ullmhú de réir na dTreoirlínte faoi *Alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003* arna n-eisiúint ag an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta.

## Fógra maidir le Comhairliúchán Poiblí a Fhoilsiú

Faoi *Alt 13* an Achta, d'fhoilsigh RTÉ fógra san *RTÉ Guide* ag iarraidh aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara maidir le hullmhú na dréachtscéime. Cuireadh an fógra sin ar fáil freisin ar an láithreán gréasáin, [www.rte.ie](http://www.rte.ie) agus tá an fógra sin le fáil ar [http://www.rte.ie/about/official\\_languages\\_act.html](http://www.rte.ie/about/official_languages_act.html). Anuas air sin, d'fhoilsigh RTÉ an fógra agus craoladh roinnt uaireanta, i mBéarla agus i nGaeilge, an cuireadh do dhaoine den phobal aighneachtaí a chur faoi bhráid, ar theilifís RTÉ television, ar RTÉ Radio 1, ar RTÉ RnaG agus ar RTÉ Digiteach.

Glacadh aighneachtaí ó 17 páirtí leasmhara san áireamh nuair a bhí an scéim seo á hullmhú. Tugadh na haighneachtaí sin agus moltaí ón bPríomh-Stiúrthóir agus ó Bhord Feidhmiúcháin RTÉ, chomh maith le moltaí ón nGrúpa Oibre ar an nGaeilge san áireamh agus an scéim á hullmhú. Tugtar san áireamh freisin an t-eolas atá ag RTÉ ar an éileamh atá ar na seirbhísí trí Ghaeilge, cuid mhór de sin a cuireadh in iúl go díreach do RTÉ tríd an gcaidreamh leanúnach le pobal na hÉireann, le daoine aonair agus le grúpaí. Tá RTÉ fíorbhuíoch de gach duine agus gach eagraíocht a raibh leas as a gcuid tuairimí agus an scéim seo á hullmhú.

## **Tosach feidhme**

Tá an scéim teanga seo deimhnithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tagann an scéim i bhfeidhm ar 01 Aibreán 2019 agus leanfaidh sí i bhfeidhm go ceann trí bliana ón dáta sin nó go dtí an tráth a ndeimhníonn an tAire, de bhun Alt 15 Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, Scéim nua, cibé tráth is deireanaí.

## Caibidil a Dó: Forléargas ar Raidió Teilifís Éireann (RTÉ)

Is é RTÉ Príomhchraoltóir Seirbhíse Poiblí na hÉireann, eagraíocht phoiblí reachtúil faoi úinéireacht mhuintir na hÉireann. Tá de dhualgas ar RTÉ faoin reachtaíocht craoltóireacht a dhéanamh i nGaeilge, príomhtheanga náisiúnta na hÉireann agus ó cuireadh RTÉ ar bun, tá infheistíocht déanta ag RTÉ i gcláir Ghaeilge de gach seánra agus de gach modh craolacháin ar an teilifís, ar an raidió, ar an idirlíon agus ar chórais teileachumarsáide deiseanna so-iompair.

Luaitear in *Alt 114 den Acht Craolacháin 2009* i ndáil le cuspóirí RTÉ:

*114 (2)* Maidir le RTÉ, le linn na gcuspoirí atá leagtha amach i *bhfo-alt (1)* a shaothrú—  
(a) beidh aird aige ar leasanna agus ar chúraimí an phobail uile, coimeádfaidh sé i gcúimhne a riachtanaí atá an chomhthuiscint agus an tsíocháin ar fud oileán na hÉireann uile, cinnteoidh sé go léireoidh na cláir na hairíonna éagsúla dá bhfuil cultúr phobal oileán na hÉireann uile comhdhéanta, agus beidh aird ar leith aige ar na hairíonna a shainíonn an cultúr sin agus go háirithe ar an nGaeilge.

Faoi *Alt 102*, deirtear gur chóir a thabhairt san áireamh agus an ráiteas bliantúil faoi ghealltanais feidhmíochta á ullmhú:

*102. (2)* Díreoidh ráiteas bliantúil i dtaobh gealltanais feidhmíochta arna ullmhú ag corparáid faoi *fho-alt (1)*, *inter alia*—  
(a) ar chlár bhunúla do leanaí, arna gcoimisiúnú nó arna dtáirgeadh ag an gcorparáid, atá iomchuí maidir le riachtanais agus ábhair spéise shóisialacha agus chultúrtha leanaí in Éirinn agus lena n-áirítear cláir bheochana agus cláir Ghaeilge do leanaí, a bheidh le craoladh ag an gcorparáid,  
(b) ar chlár Ghaeilge a bheidh le craoladh ag an gcorparáid,

Luaitear tábhacht na Gaeilge freisin in *Alt 111* i ndáil le Teacht ar Chartlann agus in *Alt 120* i ndáil le dualgas RTÉ ábhar cláir i nGaeilge a chur ar fáil do TG4. Tá dualgas faoi leith ar RTÉ dá réir sin, mar a luaitear go sonrathuas, cultúr na hÉireann a chur chun cinn.

## Aisling RTÉ:

A bheith ina chrann seasta ag cultúr na hÉireann trí spéis an lucht féachana agus éisteachta a shásamh le hábhar atá iontaofa, spéisiúil agus dúshlánach; iléagsúlacht dhomhain na tíre a cheiliúradh; agus cumas mhuintir na hÉireann a chothú.

## Is é Misean RTÉ:

Cur le saol na hÉireann le hábhar atá ina lón smaointeoireachta, foghlama agus siamsaíochta.

## Luachanna RTÉ:

Beidh aghaidh amach ag RTÉ, an eagraíocht agus na daoine san eagraíocht sin, agus beidh tréithe na cruthaitheachta, an mheasa, na hinmharthanachta agus na freagrachta, an chomhair agus na follasachta ag rith leo. Léireofar chomh maith beartaíocht mar seo a leanas:

### **An Aghaidh Amach**

Tuiscint ghéar dhomhain ar an lucht éisteachta agus féachana agus ar a gcuid riachtanas. Am agus dua a chaitheamh le súil a choinneáil ar athruithe ar ghnóthaí na meán cumarsáide.

### **Cruthaitheacht**

A bheith acmhainneach nuálach i mbun lón ábhair a chruthú. A bheith cróga, sásta dul i bhfiontar agus sásta ciall a cheannach nuair nach n-éiríonn le beart.

### **Meas**

Déileáil le daoine – baill foirne agus páirtnéirí san áireamh – le teann measa, fiú nuair nach é sin is furasta. Muinín a chothú trína bheith cóir, cothrom, follasach maidir le cinntí a dhéantar.

### **Inmharthanacht agus Freagracht**

Bainistíocht fhreagrach a dhéanamh ar an ngnó. A bheith freagrach dá chéile taobh istigh de RTÉ agus don lucht éisteachta agus féachana agus do na geallsealbhóirí.

### **An Comhar**

Oibriú le chéile agus beocht a chur in eagraíocht ‘Aon RTÉ Amháin’. Oibriú i gcomhar le páirtnéirí chun riachtanais lucht féachana agus éisteachta RTÉ a shásamh.

### **Follasacht**

Cinntí a dhéanamh ar bhealach follasach oscailte. Na cúiseanna le bearta a lua go neamhbhalbh.

## Struchtúr eagrúcháin RTÉ

### Bord RTÉ

Leagann Rialtas na hÉireann de chúram ar Bhord RTÉ maoirseacht a dhéanamh ar bheartaíocht Ghrúpa RTÉ. Faoin *Acht Craolacháin, 2009*, tháinig Bord RTÉ in ionad Údarás RTÉ mar a bhíodh ann tráth. Dhá chomhalta déag atá ar an mBord arna gceapadh ag an Rialtas: seisear comhaltaí a cheaptar ar a n-ainmniú ag an Aire; ceathrar comhaltaí a mholann Comhchoiste an Oireachtais maidir le Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádirtha don Aire; Príomh-Stiúrthóir RTÉ mar chomhalta *ex officio*; agus ball foirne amháin a cheaptar tar éis toghcháin.

### Feidhmiúchán RTÉ

Tá athstruchturú suntasach déanta ar RTÉ le gairid, agus athruithe ar leagan amach Feidhmiúchán RTÉ mar chuid de sin. Mar chuid den athnuachan ar na struchtúir eagrúcháin go léir, chuir an Príomh-Stiúrthóir atheagar ar Bhord Feidhmiúcháin RTÉ. Tá ionadaíocht maidir le cúrsaí Oibriúcháin agus Acmhainní Daonna ar an mBord sin anois, chomh maith le roinn nua maidir le Lucht Féachana agus Éisteachta, Cainéil agus Margaíocht, agus rannóg maidir le hÁbhar. Tugann an Bord Feidhmiúcháin, faoin athstruchturú, le chéile an Príomh-Stiúrthóir, agus ceannasaithe Ábhar; Lucht Féachana agus Éisteachta, Cainéil agus Margaíocht; Nuacht agus Cúrsaí Reatha; Bunathrú agus Teicneolaíocht; Cúrsaí Feidhmiúcháin; Gnóthaí Corporáide; Airgeadas; agus Acmhainní Daonna.

Ins an straitéis nua, tá sé leagtha amach ag RTÉ struchtúr eagrúcháin nua ‘Aon RTÉ Amháin’ a chur i gcrích trí na bearta seo a leanas a dhéanamh:

- Tabharfaidh an rannóg nua maidir leis an Lucht Féachana agus Éisteachta, Cainéil agus Margaíocht na cainéil teilifíse, raidió agus ar líne le chéile, chomh maith le lón léargais faoin margaíocht agus faoin lucht éisteachta agus féachana, ionas go mbíonn an lucht éisteachta agus féachana bunsíocrach le cinní de chuid RTÉ.
- Ligfidh an rannóg Ábhair do RTÉ an t-ábhar cláir is spéisiúla a chur ar fáil ar fud na gcainéal teilifíse, raidió agus digiteacha – chun dul i gcion níos doimhne ar dhaoine agus ligean do RTÉ plé le téamaí agus le topaicí níos tromchúisí ar bhealaí níos spéisiúla.
- Tabharfaidh rannóg chomhtháite nua maidir le Cúrsaí Oibriúcháin caomhchóiriú ar phróisis léiriúcháin sa chaoi is go bhféadann RTÉ tabhairt faoi bhearta nua agus riachtanais dhreamanna nua den lucht féachana agus éisteachta a shásamh.
- Déanfar athdháileadh ar acmhainní Nuachta agus Cúrsaí Reatha agus athrófar na struchtúir eagrúcháin ionas go gcuirtear seirbhís nuachta don réimse digiteach i dtosach báire ar fáil chomh maith leis an ábhar nuachta agus cúrsaí reatha ar na seirbhísí craoltóireachta.
- Tá íslíú á dhéanamh ar líon iomlán na ndaoine ar an bhfoireann trí scéim a thabhairt isteach don iomarcaíocht dheonach agus beidh roinnt scileanna nua á gcur leis an réimse taithí agus cumais atá in RTÉ cheana féin.



- Cruthóidh RTÉ timpeallacht oibre lena mbaineann níos mó de mheon an chomhair agus beidh meithle áirithe ag athrú ionaid ar fud an champais i nDomhnach Broc.
- Cuirfidh RTÉ claochlú ar an modh ina n-oibrítear le dreamanna eile agus cothófar páirtnéireacht le dreamanna nua a mbeidh fiúntas poiblí agus toradh suntasach ag baint leo.
- Déanfar infheistíocht shuntasach maidir le teicneolaíocht nua, léiriúchán digiteach agus infreastruchtúr dáiliúcháin.
- Cuirfear cistí don atheagar agus d'infheistíocht a ghabhann leis sin ar fáil ón bhfáltas a thagann ó shócmhainní talún RTÉ i nDomhnach Broc a dhíol.

## Seirbhísí RTÉ

RTÉ an eagraíocht meán cumarsáide is iléagsúla in Éirinn, ar a leagtar sainchúraimí leathanréimseacha, a ndearnadh fairsingiú orthu le gairid, maidir le craoltóireacht teilifíse agus raidió, seirbhísí ar líne agus seirbhísí nuachta, grúpaí oifidíochta agus córais tarchuradóireachta, analógacha agus digiteacha, a chur ar fáil.

I mbun comhordúcháin ar ghnóthaí a bhaineann leis an nGaeilge ar fud na seirbhísí uile seo, tá Grúpcheannasaí Gaeilge RTÉ, ar eascair an ról atá aige ó fhoilsiú Thuarascáil Ghrúpa Oibre RTÉ ar an nGaeilge sa bhliain 2014.

### Teilifís

Tá dhá phríomhchainéal teilifíse saor go haer á gcur ar fáil ag Teilifís RTÉ, RTÉ One agus RTÉ2, ar a gcaoltar réimse cuimsitheach de chlár de dhéantús na hÉireann agus de chlár ceannaithe ar fud réimse leathan seánraí, ag freastal ar lucht féachana ollmhór agus ar lucht féachana nideoige. Tá na cainéil teilifíse agus na seirbhísí seo a leanas de chuid RTÉ ar fáil ar sheirbhís SAORVIEW, teilifís trastíre dhigiteach (DTT) na hÉireann: RTÉ One, RTÉ2HD, RTÉ One +1, RTÉjr, RTÉ News Now, agus RTÉ Aertel.

### Raidió

Oibríonn Raidió RTÉ ceithre príomhstáisiún náisiúnta (RTÉ Radio 1, RTÉ 2fm, RTÉ lyric fm agus RTÉ Raidió na Gaeltachta) agus cúig cinn de stáisiúin ar go digiteach amháin atá siad ar fáil (RTÉ Radio 1 Xtra, RTÉ Pulse, RTÉ Gold, RTÉ 2XM agus RTÉ Junior). Bíonn na príomhstáisiúin ar fáil ar FM, ar raidió digiteach (DAB), ar chóras satailíte, ar fhón póca agus ar líne; bíonn na stáisiúin dhigiteacha ar fáil ar raidió digiteach agus ar líne. Bíonn clár ar Sheirbhísí Raidió RTÉ maidir le nuacht agus cúrsaí reatha, ealaín agus drámaíocht, faisnéis, siamsaíocht, spóirt, ceol go ginearálta, ceol clasaiceach agus ceol sainspéise, clár Ghaeilge, clár speisialta faoi cheol do dhaoine óga agus an chuid is fearr den chraoltóireacht raidió poiblí idirnáisiúnta.

Oibríonn RTÉ freisin an t-aon stáisiún raidió amháin do leanaí in Éirinn.

### Nuacht agus Cúrsaí Reatha

Cuireann Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ ábhar cuimsitheach nuachta agus cúrsaí reatha atá neamhspleách, neamhchlaonta ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge, ar an teilifís, ar an raidió, ar an idirlíon agus ar dheiseanna so-iompair. Tá an tAonad Imscrúdúcháin a léiríonn tuairiscí fiosraitheachta ardréime freisin, ina chuid de Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ.

## Seirbhísí Digiteacha

Tá ceithre cinn de phríomhsheirbhísí meán cumarsáide na hÉireann á rith ag RTÉ Digiteach:

- RTÉ.ie - an láithreán gréasáin meán cumarsáide is mó a tharraingíonn daoine in Éirinn; cuirtear ábhar de chuid RTÉ ar fáil do dhaoine in Éirinn agus thar lear ar bhealach atá le tapú go lántaitneamhach ar ardáin agus ar dheiseanna éagsúla.
- RTÉ Player - an seinnteoir atá chun tosaigh ar aon seirbhís teilifíse ar a éileamh eile in Éirinn; fágfar de rogha ag an lucht éisteachta agus féachana taitneamh a bhaint as cláir de chuid RTÉ tráth ar bith ar mian leo féin é agus in áit ar bith ar mian leo féin é.
- RTÉ News Now - seirbhís nuachta beo/athuaire RTÉ, ar líne, ar dheiseanna so-iompair agus ar Saorview.
- RTÉ Aertel - an tseirbhís teilitéacs saor go haer atá chun tosaigh ar gach seirbhís eile.

Cuireann RTÉ réimse seirbhísí digiteacha eile ar fáil, ar nós an RTÉ Player International, RTÉ Radio Player, aipeanna agus seirbhís ar líne RTÉjr agus GAAGO.

## Ceolfhoirne, Ceathairéad agus Cóir

Tá dhá cheolfhoireann, Ceolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ agus Ceolfhoireann Coirme RTÉ ag baint le Ceolfhoirne, Ceathairéad agus Cóir RTÉ, agus dhá chóir, Cóir Fiolarmónach RTÉ agus Cóir na nÓg RTÉ, chomh maith le bonn a choinneáil faoi cheathairéad, Ceathairéad Contempo RTÉ. Cuireann Ceolfhoirne, Ceathairéad agus Cóir RTÉ réimse leathan ceolchoirmeacha den scoth ar siúl chomh maith le páirt a ghlacadh i réimse leathan imeachtaí pobail agus oideachais a ghabhann go maith leis an gcineál sin. Déanann Ceolfhoirne, Ceathairéad agus Cóir RTÉ, i ndáil leis an obair sin, saothair nua le cumadóirí nua agus le cumadóirí seanbhunaithe a choimisiúnú agus a sheinm den chéad uair.

## 2rn

Cuireann 2rn seirbhís tarchuradóireachta agus dáiliúcháin ar fáil don oibritheoir ilphléacs agus do chraoltóirí raidió. Cuireann RTÉ deis iompair ar an ilphléacs DTT náisiúnta ar fáil do chraoltóirí teilifíse. Ligeann 2rn freisin spás ar na crainn tarchuradóireachta le stáisiúin raidió áitiúla agus le réimse soláthraithe agus oibritheoirí seirbhíse teileachumarsáide.

## Caibidil a Trí: Seirbhísí RTÉ agus gealltanais seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge

### 1. RTÉ agus an Ghaeilge

Féachann RTÉ, Craoltóir Seirbhíse Poiblí na hÉireann, le hábhar ar ardchaighdeán, ar de chuid na hÉireann go saineúil é, a chruthú. Is cuid lárnach de sin an dúthracht maidir le hábhar cláir agus seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge.

Cuireann RTÉ cláir Ghaeilge agus ábhar i nGaeilge ar fáil don lucht féachana agus éisteachta ar fud chuid mhór de na seirbhísí. Agus sin á dhéanamh, féachann RTÉ le freastal do riachtanais na ndaoine arb í an Ghaeilge an chéad teanga acu i mbun ghnáthchúrsaí an lae. Féachtar chomh maith le lucht éisteachta agus féachana nua a mhealladh chuig cláir i nGaeilge.

Tugtar anseo síos, cuntas achoimre ar sheirbhísí Gaeilge, ar chláir Ghaeilge agus ar an lucht féachana agus éisteachta atá ag RTÉ i ndáil leo sin; mionsonraí faoi chaiteachas RTÉ ar chláir agus ar sheirbhísí Gaeilge; agus eolas faoi pholasaí nua Gaeilge a thabhairt chun cinn in RTÉ.

### 2. Cláir agus Seirbhísí eile Gaeilge RTÉ faoi láthair

#### **RTÉ Raidió na Gaeltachta**

Is é an sainchúram a leagtar ar RTÉ Raidió na Gaeltachta seirbhís náisiúnta raidió trí Ghaeilge a chur ar fáil. Tosaíodh i mbun craoltóireachta Domhnach Cásca na bliana 1972. Ag cur síos ar an tseirbhís dó agus ceiliúradh á dhéanamh ar chomóradh 40 bliain an stáisiúin sa bhliain 2012, dúirt an tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn nach raibh áireamh ar bith ar thábhacht an stáisiúin do phobail na Gaeltachta ó thaobh cuidiú leis an teanga agus bonn treise a chur faoi phobail éagsúla in áiteanna ar fud na limistéar sin.

Déanann an tseirbhís, a bhfuil feidhm cultúir agus teanga léi seachas mar atá le haon seirbhís náisiúnta raidió eile in Éirinn, seirbhís chuimsitheach nuachta agus cúrsaí reatha, idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúil, a chur ar fáil chomh maith le cláir siamsaíochta, cláir spóirt, gnéchláir, cláir ealaíon agus cláir ceoil. Ar bhealaí go leor, tá RTÉ RnaG ina sheirbhís raidió Gaeilge atá cosúil le RTÉ Radio 1 ó thaobh ábhair agus caighdeáin.

I mí Meán Fómhair 2014, thosaigh RTÉ Raidió na Gaeltachta, chomh maith le cláir nuachta a chur ar fáil do sheirbhís RnaG féin, ag cur feasacháin nuachta i nGaeilge ar fáil do RTÉ Radio 1, RTÉ 2fm agus RTÉ Lyric fm. Cuirtear feasachán ar fáil do RTÉ Radio 1 trí huair sa ló ó Luan go hAoine, ag 12.30, 16.30 agus 21.50, agus feasachán amháin ar an Satharn agus Domhnach. Cuirtear dhá fheasachán sa ló ar fáil do RTÉ 2fm, ag 13:30 agus 15:30, agus ceann amháin ag 12:30 do RTÉ Lyric fm.

Thosaigh an tseirbhís comhar nua páirtnéireachta eile i mí Meitheamh 2014 le Raidió Rí-Rá Chonradh na Gaeilge maidir le cláir faoi cheol na gcairteanna a chur ar fáil i nGaeilge do dhaoine óga.

## Nuacht RTÉ

Cuireann seirbhís nuachta ilmheán RTÉ cláir nuachta ar fáil ar RTÉ One agus ar RTÉ News Now, chomh maith leis an tseirbhís nuachta ar TG4 a chur ar fáil. Cuireann RTÉ na feasacháin laethúla nuachta teilifíse i nGaeilge, Nuacht, ar fáil ar RTÉ One ag 5.40 i.n. agus ar TG4 ag 7.00 i.n. Tosaíodh ar fheasachán laethúil breise i mí Lúnasa 2013 le feasachán 5-10 nóiméad ar RTÉ News Now, seirbhís nuachta ilmheán RTÉ.

Ó 2017, tá Nuacht ag soláthar clár cúrsaí reatha, *7 Lá*, do TG4. Cuireann Nuacht RTÉ ar fáil freisin seirbhís nuachta ar líne i gcomhar le RTÉ Raidió na Gaeltachta.

Cuireann iriseoirí Nuacht ábhar ar fáil freisin ar na feasacháin Nuachta ar an raidió a chuireann RTÉ Raidió na Gaeltachta ar fáil.

## Teilifís & Raidió

Déanann RTÉ cláir Ghaeilge a choimisiúnú agus a léiriú, cuid mhór díobh do na buaicthráthanna craolta. Sa bhliain 2017, chraol RTÉ 28 uair an chloig de chláir nua, roinnt a raibh páirtmhaoiniú i gceist leo faoi scéimeanna cistíochta seachtracha, agus sin gan cláir nuachta ná cláir leanaí a thabhairt san áireamh. I measc na cláir a tharraing lucht féachana mór i 2017, bhí *GAA Nua*, a fuair páirt-mhaoiniú seachtrach ó Údarás Craolacháin na hÉireann. I measc na gclár eile a craoladh, bhí na sraitheanna *An Geansaí* agus *Scannal*.

Craoltar uair an chloig de chláir Ghaeilge ó RnaG gach Satharn ag 8 i.n. ar RTÉ Radio 1, *An Scoth*. Tá méadú 125% tagtha ar an lucht éisteachta don tráth sin le dhá bhliain anuas.

Craolann RTÉ 2fm clár dátheangach cairteanna ceoil oíche Dé hAoine idir 8 i.n. agus 10 i.n., chomh maith le hábhar Gaeilge bheith fite fuaite tríd sceideal na seachtaine.

Cuireann RTÉ tráchttaireacht dhátheangach ar imeachtaí Stáit ar fáil freisin ar an teilifís agus ar an raidió, chomh maith le tráchttaireacht dhátheangach ar na babhtaí deireanacha de Chraobh Peile agus Iomána na hÉireann.

## Aschur Digiteach

Tá seirbhís tiománta Gaeilge ag RTÉ ar RTÉ.ie, RTÉ.ie/Gaeilge, a chuireann réimse leathan ábhar ar líne ar fáil. Léirítear freisin podchraoladh tiománta Gaeilge, *Beo ar Éigean*.

Chuir RTÉ seirbhís chuimsitheach nuachta ar fáil ar líne i nGaeilge i mí Meán Fómhair 2014, le seirbhís iomlán nuachta náisiúnta agus idirnáisiúnta slánchóirithe mar chuid de láithreán gréasáin athdheartha Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ agus aip athchóirithe RTÉ News Now, chomh maith le seirbhís nuachta réigiúnach ar láithreán gréasáin RTÉ

RnaG. Ba í an tseirbhís nuachta Ghaeilge ar líne an chéad cheann den chineál sin agus tá sí á cur ar fáil i gcomhar ag Nuacht RTÉ agus foireann nuachta RTÉ RnaG.

Tá cláir agus seirbhísí Gaeilge uile RTÉ ar fáil don lucht éisteachta agus féachana domhanda (beo agus ar atráth) trí sheirbhísí ar líne agus deiseanna so-iompair RTÉ – RTÉ.ie, RTÉ Player, RTÉ Radio Player, RTÉ Player International agus RTÉ News Now.

### **RTÉjr**

RTÉjr an tseirbhís ilmheán do leanaí atá ag RTÉ lena mbaineann cainéal teilifíse faoi leith atá saor ó fhógraíocht, cainéal raidió digiteach, láithreán gréasáin agus aip fón póca (iOS). Déanann RTÉ cuid slán dílis de na sceidil do leanaí den Ghaeilge trí chláir bhunúla a choimisiúnú agus trí chur chuige an dátheangachais a chleachtadh maidir le snátha áirithe cláir. Déantar dícheall maidir le Seachtain na Gaeilge ar na sceidil go léir.

Bíonn an Ghaeilge ar RTÉjr, i míreanna láithreachais, i sraitheanna clár, in ábhar idir cláir agus in amhrán an chainéil, rud a fhágann go gcuirtear i láthair ar bhealach nádúrtha í i rith an lae ar fad. Is cur chuige é seo a oibríonn go han-mhaith leis an lucht féachana faoi 7 mbliana d'aois agus cuidíonn sé le RTÉjr a dhealú ó sheirbhísí eile do leanaí mar sheirbhís meán cumarsáide faoi leith de chuid na hÉireann.

### **Seachtain na Gaeilge**

Cuireann RTÉ go mór le húsáid na Gaeilge agus le líon na gclár Gaeilge ar fud na seirbhísí go léir i rith *Sheachtain na Gaeilge* gach bliain (i mí Márta). Mar chuid de sin, bíonn níos mó Gaeilge in úsáid ag lucht láithreachais, ag léitheoirí nuachta agus i gcláir speisialta. Mar shampla, i rith *Sheachtain na Gaeilge*, craoltar rogha gearrscéalta arna gcoimisiúnú go speisialta ag RTÉ Radio 1 ó scríbhneoirí aitheanta de chuid na hÉireann ar *Book on One* (Luan go hAoine, 23.10 - 23.25 ar RTÉ Radio 1).

### **3. Caiteachas RTÉ ar chláir agus ar sheirbhísí Gaeilge**

Chaith RTÉ níos mó ná **€24 milliún** ar ábhar Gaeilge i rith na bliana 2017.

## Gealltanais RTÉ maidir le seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge do dhaoine den phobal

Mar a leagtar amach i gCaibidil 2, leagtar dualgais i ndáil le cláir Ghaeilge ar RTÉ faoin reachtaíocht - tá breis sonraí faoi na feidhmeanna sin agus faoi dhéanamh seirbhíse i ndáil leo ar fáil i dTuarascálacha Bliantúla RTÉ agus ar láithreán gréasáin RTÉ. Chomh maith leis na cláir agus na seirbhísí Gaeilge a chuireann RTÉ ar fáil faoi láthair, déileáiltear sa roinn seo le seirbhísí Gaeilge eile a chur ar fáil do dhaoine den phobal chomh maith le dúthracht RTÉ i ndáil le seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge.

D'fhonn aon mhíthuiscint nó amhras a sheachaint, ní bhaineann an Scéim seo le hábhar ná seirbhísí craoltóireachta a chuireann RTÉ ar fáil, ná ní chuireann sí isteach orthu sin ná ar cheann ar bith de na seirbhísí, earraí nó aipeanna a ghabhann le cláir a chuireann RTÉ ar fáil, iad seo a leanas san áireamh (gan an t-iomlán a lua):

- Láithreán gréasáin le clár i mBéarla.
- Leabhair, irisí agus/nó dlúthdhioscaí fuaimne nó DVDanna, a bhfuil ábhar de chuid an chláir nó gnéithe d'ábhar den chineál sin ag baint leo.
- Cóipeanna d'ábhar an chláir.
- Aipeanna idirghníomhaíochta.

### Cumarsáid Lárnach

Déantar cló corparáide RTÉ, lena mbaineann an t-ainm, an lógó, comharthaí ar fhoirgnimh agus ar fheithiclí agus comharthaí slándála a chur ar fáil go dhátheangach faoi láthair, leis an nGaeilge chun tosaigh. I gcásanna áirithe, baineann RTÉ úsáid as brandáil i nGaeilge amháin. Leagann RTÉ an bhéim chéanna ar an nGaeilge agus ar an mBéarla ar na comharthaí ar fad ar an gcampas.

Bíonn ábhar thuarascálacha bliantúla RTÉ agus ábhar eile den sórt sin de chuid na corparáide ar fáil i nGaeilge ar an láithreán gréasáin <http://www.rte.ie/about>

Tabharfar an dátheangachas san áireamh i gcur chuige RTÉ ar na meáin shóisialta, le hábhar dhá fhoilsiú i nGaeilge ar bhonn laethúil.

Bíonn séanadh slándála dhátheangach le gach teachtaireacht ríomhphoist de chuid RTÉ.

Bíonn uathfhreagra agus séanadh slándála dhátheangach i gceist le gach freagra ríomhphoist de chuid RTÉ maidir le hEolas, Aiseolas agus Gearáin.

Déanfar gach preaseisiúint a bhaineann le ceisteanna Gaeilge a eisiúint go dhátheangach. Nuair is cú sin, beidh urlabhraí ag a bhfuil scileanna líofa Gaeilge ar fáil.

Beidh aithisc agus ráitis, ó oifigigh shinsearacha de chuid RTÉ, is ábhar spéise don phobal ar fáil sa teanga inar tugadh iad.

Ó thosach feidhme na Scéime, cinnteoidh RTÉ go mbíonn gach foirm iarratais (mar shampla, maidir le folúntais a dteastaíonn líofacht Gaeilge lena n-aghaidh) agus an cháipéisíocht a ghabhann leo, atá ar fáil go dátheangach, ar fáil sa dá theanga oifigiúil ar láithreán gréasáin RTÉ.

Ó thosach feidhme na Scéime, beidh gach foirm iarratais/bileog eolais/bróisiúr ar fáil go dátheangach faoin aon chlúdach amháin, ach amháin nuair nach féidir sin mar gheall ar mhéid, ar chineál nó ar leagan amach na cáipéise.

Ó thosach feidhme na Scéime, cinnteoidh RTÉ go ndéantar, nuair a chuirtear foirmeacha iarratais agus bileoga eolais ar fáil i leaganacha faoi leith, Gaeilge agus Béarla faoi seach, an tábhacht chéanna a thabhairt don dá leagan i ngach ionad poiblí agus go mbíonn an leagan Gaeilge ar fáil chomh héasca céanna leis an leagan Béarla. Déanfar, mar bheart faoi leith, an custaiméir a chur ar an eolas faoin leagan Gaeilge a bheith ar fáil trí fhonóta a chur leis an leagan Béarla den cháipéis ina luaitear go bhfuil an cháipéis ar fáil i nGaeilge chomh maith.

## Córais T.E.

Is féidir Gaeilge a úsáid ar gach córas ríomhaireachta atá in úsáid faoi láthair ar gá eolas maidir le daoine den phobal a chur isteach orthu, mar shampla ainm agus seoladh; beidh aon chóras nua ríomhaireachta a chuirtear isteach, más féidir é, in ann chuig Gaeilge a bheith á úsáid air.

Is féidir ábhar i nGaeilge a chur suas ar chóras rChoimisiúnaithe RTÉ. Ligeann sin do chomhlacht léiriúcháin neamhspleách ón taobh amuigh tograí maidir le cláir teilifíse a chur faoi bhráid RTÉ ar líne.

Tá beannacht dhátheangach ar an gcóras fáiltithe teileafóin nuair a ghlaonn duine ar RTÉ. Tá oiliúint curtha ar na Fáilteoirí agus ar an lucht foirne san Oifig Eolais ionas gur féidir leo déileáil leis an gcéad fhiosrúchán a dhéanann daoine ar an teileafón sula n-aistrítear iad chuig duine san Oifig Eolais atá ar fáil chun freastal ar dhaoine ar mian leo a gcuid gnó ar fad a dhéanamh trí Ghaeilge.

## Suímh idirlín RTÉ ([www.rte.ie](http://www.rte.ie))

Tá an roinn ‘Faoi RTÉ’ ar [www.rte.ie](http://www.rte.ie) ina bhfuil eolas faoi na modhanna ina ndéantar bainistíocht agus maoiniú ar RTÉ, conas caidreamh a dhéanamh le ranna éagsúla, conas gearán a dhéanamh, polasaithe corparáide RTÉ, cáipéisí de chuid na corparáide, Tuarascálacha Bliantúla etc. ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.

[www.rte.ie/about/ie/](http://www.rte.ie/about/ie/)

Sheol RTÉ seirbhís chuimsitheach nuachta ar líne i mí Meán Fómhair 2014, le seirbhís iomlán nuachta náisiúnta agus idirnáisiúnta slánchóirithe mar chuid de láithreán gréasáin athdheartha de chuid Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ agus aip athchóirithe RTÉ News Now, chomh maith le seirbhís nuachta réigiúnach ar shuíomh idirlín RTÉ RnaG. Ba í an tseirbhís nuachta Gaeilge ar líne an chéad cheann den chineál sin agus tá sí á cur ar fáil i gcomhar ag Nuacht RTÉ agus



foireann nuachta RTÉ RnaG. Déanfaidh RTÉ an tseirbhís Nuachta ar líne a choinneáil ar bun agus a fhorbairt.

Tá cláir agus seirbhísí Gaeilge RTÉ ar fáil don lucht éisteachta agus féachana domhanda (beo agus ar atráth) trí sheirbhísí ar líne agus deiseanna so-iompair RTÉ – RTÉ.ie, RTÉ Player, RTÉ Radio Player, RTÉ Player International agus RTÉ News Now.

Mar chuid den chur i bhfeidhm maidir le Tuarascáil Ghrúpa Oibre RTÉ ar an nGaeilge, déanfaidh RTÉ, le linn ré feidhme na Scéime seo, ábhar breise a chur ar fáil i nGaeilge ar líne, de réir pholasaí Gaeilge RTÉ.

Cruthóidh RTÉ leagan nua den seinnteoir RTÉ Player, an t-ardán craoltóireachta ar líne is suntasaí ag RTÉ, lena mbainfidh comhéadan úsáideora Gaeilge.

## Pobal na Gaeilge a fhreagairt

Tá teachtaireacht réamhthairfeadta i nGaeilge agus i mBéarla ar sheirbhís teileafóin RTÉ. Sa chás gur mian le duine den phobal labhairt le duine i nGaeilge, déantar iad a cheangal go díreach le duine le Gaeilge san Oifig Eolais, nó is féidir teachtaireacht a fhágáil agus cuirfear glaoch ar ais a luaithe a bhíonn duine le Gaeilge san Oifig Eolais ar fáil chun sin a dhéanamh.

Cuireann an Grúpcheannasaí Gaeilge seirbhís chuimsitheach Gaeilge i scríbhinn agus ó bhéal ar fáil don phobal agus do RTÉ araon. Beidh baill foirne ábhartha eile ar fáil chun déileáil le comhfhreagras i scríbhinn agus ó bhéal nuair nach mbíonn an Grúpcheannasaí Gaeilge ar fáil

Tá ranna áirithe in RTÉ arb í an Ghaeilge teanga na hoibre iontu.

Déantar gach comhfhreagras a thagann i nGaeilge a fhreagairt i nGaeilge.

Déantar an caidreamh le daoine i gceantracha Gaeltachta trí Ghaeilge nuair is féidir sin.

Cinntoidh RTÉ go n-úsáidtear an leagan oifigiúil Gaeilge de logainmneacha Gaeltachta sa chraoltóireacht agus sa chomhfhreagras uile.

## RTÉ Guide

Leanfaidh an *RTÉ Guide* de mhíreanna i nGaeilge a fhoilsiú gach seachtain agus beidh aistriúchán ar na príomhthéarmaí a úsáidtear san ábhar ag gabháil leis na sleachta sin.

## Úsáid na Gaeilge ar sheirbhísí craoltóireachta RTÉ

Molann RTÉ úsáid na Gaeilge tráth ar bith sna cláir ar fud na seirbhísí éagsúla, mar is soiléir i rith *Sheachtain na Gaeilge* agus ar laethanta saoire poiblí náisiúnta, mar shampla ar Lá Fhéile Pádraig.

Beidh an Grúpcheannasaí Gaeilge ag cur cúrsaí feasachta agus soiléire maidir leis an nGaeilge chun cinn ar fud na heagraíochta agus déanfaidh sé go gníomhach láithreoirí agus léiritheoirí a spreagadh chun páirt a ghlacadh i Seachtain na Gaeilge ar an raidió, ar an teilifís agus ar líne.

Mar chuid den chur i bhfeidhm maidir le Tuarascáil Ghrúpa Oibre RTÉ ar an nGaeilge, tiocfaidh ardú i rith ré feidhme na scéime seo ar an méid ábhar Gaeilge a bhíonn ar RTÉ.

## SAORVIEW (Teilifís Trastíre Dhigiteach, DTT)

Mar shampla den ghnáthnós imeachta sna cúrsaí seo le tamall beag anuas, is féidir an modh oibre a bhí ag RTÉ maidir leis an Athrú go dtí an Córas Digiteach a lua, tráth ar cuireadh, mar a chuirtear i gcónaí, eolas ar fáil, i gcló agus ar líne, i nGaeilge agus i mBéarla, chomh maith leis an bhfógraíocht ar fad.

## Bainistíocht Acmhainní Daonna

Ag brath ar bhaill foirne le scileanna Gaeilge líofa a bheith ar fáil, cuirfidh foireann AD RTÉ seirbhísí ginearálta AD ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon, nuair is féidir sin.

- Tá Grúpcheannasaí Gaeilge ceaptha ag RTÉ, a leagtar d'fheidhm air ceannródaíocht a dhéanamh maidir leis na dualgais faoi *Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003* a chomhlíonadh agus úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ar fud sheirbhísí agus réimsí oibre uile RTÉ, ag teacht le polasaí Gaeilge RTÉ.
- Ó thosach feidhme na Scéime, déanfar baill foirne mórthábhachta de chuid RTÉ a shonrú chun seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil de réir mar a éilítear sin.
- Cúrsaí earcaíochta ó thosach feidhme na Scéime:
  - Agus baill nua foirne á n-earcú, déanfaidh RTÉ na poist sin a bhfuil líofacht sa Ghaeilge de dhíth lena n-aghaidh a shonrú.
  - Déanfaidh RTÉ, nuair is cuí, a lua sna fógraí earcaíochta go mbeidh eolas ar an nGaeilge ina bhuntáiste. I gcás baill foirne túslíne oifige a earcú, (fáilteoirí, guthánaithe, foireann na hoifige eolais), leagfar béim ar an gcumas caidreamh a dhéanamh trí Ghaeilge.
  - Sa chás go bhfuil Gaeilge éigeantach maidir le post ar bith, déanfar an fhógraíocht don phost sin a fhoilsiú sa dá theanga.
  - Cinnteofar go bhfuil ar a laghad comhalta amháin de gach Bord Agallaimh inniúil ar an agallamh a rith i nGaeilge sa chás go bhfuil úsáid na Gaeilge de dhíth don phost a bhfuiltear i mbun earcaíochta lena aghaidh. Is i nGaeilge amháin a réachtálfar agallaimh maidir le ról ar trí Ghaeilge go hiomlán a chomhlíontar é.
- An Córas Bainistíochta Feidhmíochta ó thosach feidhme na Scéime-
  - Gnáis oibre ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon, na foirmeacha uile etc. san áireamh, de réir mar is gá.
  - Seirbhísí eolais ginearálta AD, cáipéisíocht AD maidir le cúrsaí eagrúcháin san áireamh, le cur ar fáil ar bhonn dátheangach de réir mar is gá, mar a dhéantar faoi láthair le Lámhleabhar Foirne RTÉ etc.

Go ginearálta, déanfar cáipéisíocht AD a aistriú go Gaeilge as seo amach de réir mar a dhéantar leasú air.

## Ceantair Ghaeltachta

Is í an Ghaeilge an teanga oibre i ngach oifig agus stiúideo de chuid RTÉ atá sa Ghaeltacht.

Cuireann RTÉ, trí RTÉ Raidió na Gaeltachta, seirbhís Ghaeilge lánaimseartha ar fáil do lucht Gaeltachta, chomh maith le gach duine eile ar spéis leo cláir Ghaeilge ar an raidió. Tá Nuacht RTÉ bunaithe i nGaeltacht na Gaillimhe freisin, le feasacháin de chuid RTÉ Nuacht atá dírithe ar lucht éisteachta leathan chomh maith le soláthar a dhéanamh do lucht féachana Nuacht TG4 a bhaineann níos mó le lucht féachana Gaeltachta agus lucht féachana réigiúnach.

Tá lucht foirne agus oifigí ag RTÉ i dtrí cinn de cheantair Ghaeltachta: Casla agus Baile na hAbhann, Contae na Gaillimhe; Baile na nGall, Contae Chiarraí; agus Na Doirí Beaga, Contae Dhún na nGall; chomh maith le stiúideonna agus láithreacha réigiúnacha eile ar fud na tíre.

## Comhpháirtíochtaí

Féachfaidh RTÉ le hábhar cláir Ghaeilge a ghabhann le chéile a bheith ar fáil ar RTÉ agus TG4 sa chaoi gur féidir le RTÉ agus TG4 sceidil tharraingteacha éagsúla a chur ar fáil a dhéanann freastal don réimse spéise agus don éagsúlacht inniúlachta ó thaobh na teanga i measc lucht féachana na hÉireann.

Ag teacht leis an tuarascáil ó Ghrúpa Oibre RTÉ ar an nGaeilge, féachfaidh RTÉ, i rith thréimhse feidhme na scéime seo, le tograí i gcomhar a thabhairt chun cinn le geallsealbhóirí a bhaineann le cúrsaí Gaeilge, d'fhonn cuspóirí a bheadh againn araon a thabhairt i gcrích.

## **Caibidil a Ceathair: Monatóireacht agus athbhreithniú**

Mar chuid den dúthracht leanúnach maidir le forbairt bhreise ar na seirbhísí Gaeilge, geallann RTÉ monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn rialta ar an dul chun cinn.

Déanfaidh an Grúpcheannasaí Gaeilge an cur i bhfeidhm maidir le Plean Meáin Ghaeilge RTÉ a thabhairt chun cinn, chomh maith le forbairt bhreise a dhéanamh ar ábhar Gaeilge ar fud sheirbhísí uile RTÉ.

Féach an cuntas achoimre maidir le spriocanna/gealltanais in Aguisín a hAon.

## Caibidil a Cúig: An Scéim Aontaithe a Phoibliú

Déanfar ábhar na scéime Gaeilge agus na gealltanais agus na forálacha sa scéim a phoibliú trí:

- An scéim a sheoladh.
- Fógraíocht/Preaseisiúint faoin scéim.
- Cóipeanna a scaipeadh ar na gníomhaireachtaí agus ar na comhlachtaí poiblí cuí.
- An scéim a chur ar fáil ar láithreán gréasáin RTÉ, [www.rte.ie](http://www.rte.ie).

Cuirfear cóip den scéim aontaithe chuig Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla.

## Aguisín a hAon: Liosta Gealltanais

Seo a leanas cuntas achoimre ar na gealltanais a leagtar amach thuas.

### Cumarsáid Lárnach

Ó thosach feidhme na Scéime, (mura luaitear a mhalairt go sonrach) tugtar gealltanais mar seo a leanas:

- Déanfar gach preaseisiúint a bhaineann le ceisteanna Gaeilge a eisiúint go dátheangach nó i nGaeilge amháin.
- Tabharfar an dátheangachas san áireamh i gcur chuige RTÉ ar na meáin shóisialta, le hábhar dhá fhoilsiú i nGaeilge ar bhonn laethúil.
- Cinnteoidh RTÉ go mbíonn gach foirm iarratais (mar shampla, maidir le folúntais a dteastaíonn líofacht Gaeilge lena n-aghaidh) agus an cháipéisíocht a ghabhann leo, atá ar fáil go dátheangach, ar fáil sa dá theanga oifigiúil ar láithreán gréasáin RTÉ.
- Nuair a éilítear sin, beidh gach foirm iarratais/bileog eolais/bróisiúr ar fáil go dátheangach faoin aon chlúdach amháin, ach amháin nuair nach féidir sin mar gheall ar mhéid, ar chineál nó ar leagan amach na cáipéise.
- Cinnteoidh RTÉ go ndéantar, nuair a chuirtear foirmeacha iarratais agus bileoga eolais ar fáil i leaganacha faoi leith, Gaeilge agus Béarla faoi seach, an tábhacht chéanna a thabhairt don dá leagan i ngach ionad poiblí agus go mbíonn an leagan Gaeilge ar fáil chomh héasca céanna leis an leagan Béarla. Déanfar, mar bheart faoi leith, an custaiméir a chur ar an eolas faoin leagan Gaeilge a bheith ar fáil trí fhonóta a chur leis an leagan Béarla den cháipéis ina luaitear go bhfuil an cháipéis ar fáil i nGaeilge chomh maith.

### Córais T.E.

Ó thosach feidhme na Scéime, tugtar gealltanais mar seo a leanas:

- Beidh gach córas nua ríomhaireachta a chuirtear isteach, más féidir é, in ann chuig Gaeilge a bheith á úsáid air.
- Cuirfear oiliúint ar fáil do gach Fáilteoir nua agus do bhaill foirne nua san Oifig Eolais ionas gur féidir leo déileáil leis an gcéad fhiosrúchán a dhéanann daoine i nGaeilge ar an teileafón sula n-aistrítear iad chuig duine san Oifig Eolais atá ar fáil chun freastal ar dhaoine ar mian leo a gcuid gnó ar fad a dhéanamh trí Ghaeilge.

## Suímh idirlín RTÉ ([www.rte.ie](http://www.rte.ie))

Ó thosach feidhme na Scéime, tugtar gealltanais mar seo a leanas:

- De réir mar a thugtar faoi thionscnaimh nua de chuid na corparáide, mar a tharla mar shampla leis an tseirbhís nua don Teilifís Trastíre Dhigiteach (DTT) in Éirinn, SAORVIEW, a sheoladh sa bhliain 2012, cuirfear gach eolas poiblí ar fáil sa dá theanga.
- Déanfaidh RTÉ an tseirbhís Nuachta ar líne a choinneáil ar bun agus a fhorbairt.
- Déanfaidh RTÉ suíomh idirlín Gaeilge a choinneáil ar bun agus a fhorbairt, a oibreoidh mar lárionad do réimse ábhair de gach cineál agus mar lóchrann eolais maidir le hacmhainní Gaeilge eile i ndáil le cúrsaí cultúir, meán cumarsáide agus oideachais.
- Cruthóidh RTÉ leagan nua den seinnteoir RTÉ Player, an t-ardán craoltóireachta ar líne is suntasaí ag RTÉ, lena mbainfidh comhéadan úsáideora Gaeilge.

## Pobal na Gaeilge a fhreagairt

Ó thosach feidhme na Scéime, tugtar gealltanais mar seo a leanas:

- Cuirfidh RTÉ duine le Gaeilge ar fáil san Oifig Eolais chun seirbhís a chur ar fáil do dhaoine den phobal ar mian leo a gcuid caidrimh le RTÉ a dhéanamh trí Ghaeilge. Cuirfidh an Grúpcheannasaí Gaeilge seirbhís chuimsitheach Ghaeilge i scríbhinn agus ó bhéal ar fáil don phobal agus do RTÉ araon. Beidh baill foirne ábhartha eile ar fáil chun déileáil le comhfhreagras i scríbhinn agus ó bhéal nuair nach mbíonn an Grúpcheannasaí Gaeilge ar fáil.
- Cinnteoidh RTÉ go n-úsáidtear an leagan oifigiúil Gaeilge de logainmneacha Gaeltachta sa chraoltóireacht agus sa chomhfhreagras uile.

## Úsáid na Gaeilge ar sheirbhísí craoltóireachta RTÉ

Ó thosach feidhme na Scéime, tugtar gealltanais mar seo a leanas:

- Molann RTÉ úsáid na Gaeilge tráth ar bith sna cláir ar fud na seirbhísí éagsúla, mar is soiléir i rith *Sheachtain na Gaeilge* agus ar laethanta saoire poiblí náisiúnta, mar shampla ar Lá Fhéile Pádraig. Déanfaidh RTÉ úsáid níos mó as an gcur chuige dátheangach seo a chothú ar fud na gclár ar fad.
- Beidh an Grúpcheannasaí Gaeilge ag cur cúrsaí feasachta agus soiléire maidir leis an nGaeilge chun cinn ar fud na heagraíochta agus déanfaidh sé go gníomhach láithreoirí agus léiritheoirí a spreagadh chun páirt a ghlacadh i Seachtain na Gaeilge ar an raidió, ar an teilifís agus ar líne.

- Mar chuid den chur i bhfeidhm maidir le Plean Meáin Ghaeilge RTÉ, tiocfaidh ardú i rith ré feidhme na scéime seo ar an méid ábhar Gaeilge a bhíonn ar RTÉ.

## Bainistíocht Acmhainní Daonna

Ó thosach feidhme na Scéime, tugtar gealltanais mar seo a leanas:

Ag brath ar bhaill foirne le scileanna Gaeilge líofa a bheith ar fáil, cuirfidh foireann AD RTÉ seirbhísí ginearálta AD ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon, nuair is féidir sin.

- Tá Grúpcheannasaí Gaeilge ceaptha ag RTÉ, a leagtar d'fheidhm air ceannródaíocht a dhéanamh maidir leis na dualgais faoi *Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003* a chomhlíonadh agus úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ar fud sheirbhísí agus réimsí oibre uile RTÉ, ag teacht le polasaí Gaeilge RTÉ.
- Ó thosach feidhme na Scéime, déanfar baill foirne ábhartha de chuid RTÉ a shonrú chun seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil de réir mar a éilítear sin.
  - Cúrsaí earcaíochta ó thosach feidhme na Scéime
    - Déanfaidh RTÉ, nuair is cuí, a lua sna fógraí earcaíochta go mbeidh eolas ar an nGaeilge ina bhuntáiste.
    - I gcás baill foirne túslíne oifige a earcú, (fáilteoirí, guthánaithe, foireann na hoifige eolais) leagfar béim ar an gcumas caidreamh a dhéanamh trí Ghaeilge.
    - Sa chás go bhfuil Gaeilge éigeantach maidir le post ar bith, déanfar an fhógraíocht don phost sin a fhoilsiú sa dá theanga. Is i nGaeilge amháin a reáchtálfar agallaimh maidir le ról ar trí Ghaeilge go hiomlán a chomhlíontar é.
    - Cinnteofar go bhfuil ar a laghad comhalta amháin de gach Bord Agallaimh inniúil ar an agallamh a rith i nGaeilge sa chás go bhfuil úsáid na Gaeilge de dhíth don phost a bhfuiltear i mbun earcaíochta lena aghaidh. Is i nGaeilge amháin a reáchtálfar agallaimh maidir le ról ar trí Ghaeilge go hiomlán a chomhlíontar é.
  - An Córas Bainistíochta Feidhmíochta ó thosach feidhme na Scéime
    - Gnáis oibre ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon, na foirmeacha uile etc. san áireamh, de réir mar is gá.
    - Seirbhísí eolais ginearálta AD, cáipéisíocht AD maidir le cúrsaí eagrúcháin san áireamh, le cur ar fáil ar bhonn dátheangach de réir mar is gá, mar a dhéantar faoi láthair le Lámhleabhar Foirne RTÉ etc.

Go ginearálta, déanfar cáipéisíocht AD a aistriú go Gaeilge as seo amach de réir mar a dhéantar leasú air.



## Comhpháirtíochtaí

Ó thosach feidhme na Scéime, tugtar gealltanais mar seo a leanas:

- Féachfaidh RTÉ le hábhar cláir Ghaeilge a ghabhann le chéile a bheith ar fáil ar RTÉ agus TG4 sa chaoi gur féidir le RTÉ agus TG4 sceidil tharraingteacha éagsúla a chur ar fáil a dhéanann freastal don réimse spéise agus don éagsúlacht inniúlachta ó thaobh na teanga i measc lucht féachana na hÉireann.
- Ag teacht le Plean Meáin Ghaeilge RTÉ, féachfaidh RTÉ, i rith thréimhse feidhme na scéime seo, le tograí i gcomhar a thabhairt chun cinn le geallsealbhóirí a bhaineann le cúrsaí Gaeilge, d'fhonn cuspóirí a bheadh againn araon a thabhairt i gcrích.